Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2023
(OR. en)

14960/23

LIMITE

JAI 1418
FREMP 308

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | An próiseas roghnúcháin do cheapachán Stiúrthóir nua Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)<br>Formheas litreach, le seoladh chuig FRA |

1. Rachaidh sainordú Stiúrthóir reatha na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha (FRA), Michael O’Flaherty, in éag ag deireadh 2023. Foilsíodh an fógra folúntais san Iris Oifigiúil agus ar shuíomh gréasáin Europa an 14 Feabhra 2023[1].

2. De bhun Airteagal 15(2) de Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear FRA, arna leasú le Rialachán (AE) 2022/555 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022, bunaíonn an Coimisiún gearrliosta iarrthóirí, tar éis dó réamhchéim an nós imeachta roghnúcháin a thabhairt i gcrích. Iarrfar ar na hiarrthóirí sin ar an ngearrliosta aitheasc a thabhairt in éisteachtaí sa Chomhairle agus i bParlaimint na hEorpa. Tabharfaidh an dá institiúid sin a dtuairimí agus luafaidh siad a n-orduithe tosaíochta do Bhord Bainistíochta FRA a cheapfaidh an Stiúrthóir, agus na tuairimí thuas á gcur san áireamh.

3. Ghlac an Coimisiún a ghearrliosta iarrthóirí an 27 Meán Fómhair 2023, agus chuir an Ghníomhaireacht in iúl don Chomhairle iad an 13 Deireadh Fómhair 2023, ionas gur féidir na héisteachtaí a reáchtáil.

[1] COM/2023/20091, IO 2023/C 55 A/01 14.2.23.

4. Reáchtáil Parlaimint na hEorpa a cuid éisteachtaí de na hiarrthóirí ar an ngearrliosta an 25 Deireadh Fómhair 2023.

5. An 8 Samhain 2023, thug Coiste na mBuanionadaithe, de bhun Airteagal 15(2) de Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle arna leasú ag Rialachán (AE) 2022/555 ón gComhairle, sainordú do phainéal triúrachta ar leibhéal na nAmbasadóirí (comhdhéanta den iar-Uachtaránacht, an Uachtaránacht reatha, agus an Uachtaránacht inteachta) éisteachtaí na n-iarrthóirí ar an ngearrliosta a reáchtáil agus tuairisc ina leith a thabhairt do Coreper/don Chomhairle ar a n-ord tosaíochta d'fhonn é a dheimhniú.

6. Tionóladh éisteachtaí na n-iarrthóirí ar an ngearrliosta an 28 Samhain 2023. Seo mar a leanas an t-ord tosaíochta atá molta ag an triúracht:

   - Sirpa Tuulikki Rautio
   - Nils Muižnieks
   - Jonas Grimheden

   Tugtar faoi deara gur tharraing Jim Clarken, an ceathrú hiarrthóir a áiríodh ar ghearrliosta an Choimisiúin, a iarrthóireacht siar roimh na héisteachtaí an 28 Samhain 2023.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas ag cruinniú a bheidh aici amach anseo:

   - teacht ar chomhaontú maidir le hord rogha na n-iarrthóirí thuasluaite;
   - seoladh na dréachtlitreach san Iarscríbhinn chuig Bord Bainistíochta FRA a fhormheas.

PUBLIC

**<u>IARSCRÍBHINN</u>**

***Draft letter to the Management Board***

***of the Fundamental Rights Agency***

**Brussels,**

PUBLIC

**Rick Lawson**

**Vice-Chairperson of the Management Board**

**European Union Agency for Fundamental Rights**

**Schwarzenbergplatz 11**

**A-1040 Vienna**

**Austria**

**Subject: Appointment of the new Director of the European Union Agency for Fundamental Rights (FRA)**

Dear Mr Lawson,

I am pleased to inform you that, pursuant to Article 15 of Council Regulation (EC) No 168/2007 as amended by Council Regulation (EU) 2022/555, the Council has decided on the following order of preference:

- Ms Sirpa Tuulikki Rautio
- Mr Nils Muižnieks
- Mr Jonas Grimheden

The fourth candidate included in the Commission's short list, Jim Clarken, withdrew his candidature before the hearings on 28 November 2023.

[Complimentary close]